2. Cúige Laighean_2
CEACHTANNA

Dáta an chláir: 16.11.08

Amanna: 01.15 – 8.13

Eochair: NÓM = Nollaig Ó Muraíle, MH = Mícheál Holmes

Athscríobh:

MH: Tá Nollaig Ó Muraíle againn ag leanacht ar aghaidh leis an mír shuimiúil sin atá aige faoi mhíniú ainmneacha na gcontaetha i gcúige Laighean, beidh leath dóibh sin againn anois ag tosú le...

NÓM: Contae **Lú** agus **Lú** tagann sé sin ó ainm an tseandé Cheiltigh 'Lugh', Lugh Lámhfhada a bhfuil a ainm le fáil mar chuid de logainmneacha éagsula ar fud na hEorpa, *Lyon* sa Fhrainc, *León* sa Spáinn, *Leiden* san Ísiltír fiú amháin áit in *Silesia* i ndeisceart na Polainne, Legnica más sin an fuaimniú ceart, táim chóir a bheith cinnte nach ea

MH: An dtugann sin le fios gur scaipeadh an creideamh sin?

NÓM: Scaipeadh cultas an dé seo Lugh ar fud na hEorpa. Sin é an cultas is forleithne i measc na gCeilteach, tá sé gach áit san Eoraip...

MH: An bhfuil barúil ar bith cén fáth ar tugadh an t-ainm sin don chontae?

NÓM: Bhuel tugadh an t-ainm i dtosach don áit, baile beag i lár chontae **Lú,** áit a raibh mainistir cháiliúil, breis is bhuel míle trí chéad bliain ó shin, mainistir Lú agus uaidh sin a tháinig ainm an chontae

MH: De réir a chéile...

NÓM: Agus ba cheart dom b'fhéidir a rá, bíonn feachtas ar siúl ó am go chéile leis an ainm 'Luaidh' a úsáid, deir daoine **Contae Luaidh** ach **Contae Lú** tá fianaise láidir go bhfuil an fhoirm sin in úsáid ón 18ú aois i leith. Is comhfhocal Lugh agus rud éigin eile ina dhiaidh níl sé lán soiléir céard é an dara mír san ainm, ach is mar fhocal aonsiollach atá sé á fhuaimniú le trí chéad bliain anuas den chuid is mó

Ansin gabhfaimid ar aghaidh go dtí **An Mhí** agus ar ndóigh ainm seanchúige a bhí ansin agus sin an cúige sa lár 'mid' an focal ceannann céanna é, ní thagann sé ó 'mid' na Laidine nó aon rud mar sin...

MH: Comhtharlúint atá ann ab ea?

NÓM: Bhuel ní hea, tagann siad ón bpréamh céanna, ag dul siar go dtí an Ind-Eorpais, ciallaíonn sé an áit sa lár agus tá sé ann chomh fada agus atá foinsí againn in Éirinn, tá sé ag dul siar i bhfad, i bhfad go dtí an réamhstair

MH: Áit lárnach, **An Mhí**

NÓM: Sea. Anois **Uíbh Fhailí** agus arís caithfidh mé seanmóir bheag a thabhairt anseo, níl a fhios agam cé mhéad duine a fhuaimníonn é seo mícheart mar Uíbh Fh**á**ilí. Níl aon fhianaise ann go bhfuil an 'a' sin fada in **Uíbh Fhailí.** Sin treabhchas arís Uí Fhailghe, daoine a bhí síolraithe ó fhear darb ainm Failghe, 'the descendants of Failghe.

MH: Is clann nó... Uí Fhailí

NÓM: Clann, clann, sea

MH: Agus arís ní cur síos ar an gceantar é ach cur síos ar an dream a mhair ann tráth den saol

NÓM: Sin é agus ina dhiaidh sin an seantuiseal tabharthach, arís úsáidtear an tuiseal tabharthach go coitianta i logainmneacha. Ar ndóigh an t-ainm a bhí ar an gcontae seo ar feadh na gcéadta bliain **Contae an Rí,** ainmnithe as an rí, Pilib na Spáinne, an fear a chuir an *Armada* inár dtreo. Bhí sé pósta ar Mháire Túdar, cé nár mhair siad le chéile go bhfios dom...Agus ar ndóigh bhí *Philipstown* sa chontae freisin a thugtar **An Daingean** anois air, sin Philipstown. Nuair a athraíodh an t-ainm seo in 1922 chuir scoláirí móra Gaeilge ina choinne go láidir, an tAthair Pól Breathnach agus T.F. O'Rahilly, ní toisc go raibh siad frithnáisiúnach ná aon rud mar

2. Cúige Laighean_2
CEACHTANNA

sin ach, go ndúirt siad, nárbh ionann **Uíbh Fhailí** agus **Contae an Rí. Éile** an ceantar úd in iardheisceart an chontae ag dul síos i dtreo **Ros Cré** thart ar **Bhiorra** agus mar sin de, níor bhain sé sin ríomh le h**Uíbh Fhailí,** bhain sé sin le h**Éile** agus mar sin níor cheart go mbeadh **Uíbh Fhailí** á thabhairt agus ansin tá dhá bharúntacht in iarthar **Chontae Chill Dara,** the *Baronies of Offaly* agus arís dúirt siad gur mar sin ba cheart iad a fhuaimniú ní **O***ffaly* ach *Offaly* agus scríobh an tAthair Pól Breathnach alt géar uair amháin ag rá dá nglacfaí leis an bhfoirm uafásach seo *Offaly,* i gceann glúine go mbeifí ag tabhairt *awfully* air, ní raibh an ceart ar fad aige ansin.

Ansin **An Iarmhí,** ar ndóigh níl ansin ach an chuid iartharach den Mhí, is cuimhin liom duine éigin, Pádraig Ó Fágáin is dóigh liom, sa **Mhuileann gCearr** na blianta ó shin, dúirt sé go raibh sé le feachtas a chur ar bun *The Anti-Partition Movement of Meath* le go gcuirfí **An Mhí** agus **An Iarmhí** le chéile agus nach bhféadtaí iad a shárú i gcluichí peile choíche agus chuir sé an milleán ar ndóigh ar Anraí VIII a rinne an deighilt mar tugadh *Eastern Meath* nó *East Meath* ar an gcontae eile go dtí an dara leath den 17ú aois, is ansin a thosaigh siad ag tabhairt *Meath* leis féin ar an áit.

Ansin an dá chontae deiridh, dhá cheann le hainmneacha Lochlannacha sa Bhéarla mar a déarfá ach leaganacha Gaeilge sa teanga eile. Tá *Wexford* agus ag freagairt dó **Loch Garman. Loch Garman,** loch a bhaineann le Garma, is cosúil gur ainm ar leith, logainm ar leith ab ea Garma

MH: Cé as a dtáinig *Wexford?*

NÓM: Bhuel sin an focal *Weisfjord, fjord* an focal úd sa Lochlannais a chiallaíonn cuan cineál cúng agus mar sin de. Agus *weis* nó *weis* sin cineál fearsaid mar atá i mBéal Feirste, ‘sandbar’, píosa gainimh trasna ar an gcuan agus is as sin a tháinig sé sin. Ach an rud eile an **Loch Garman** meastar gur Garma gurb in cuid de abhainn na Sláine agus ‘the lake of Garma’ an míniú a thugtar air amanna, tá ábhar díospóireachta ansin faoi céard go baileach a chiallaíonn an 'Garma' sa chás seo tá bríonna eile le 'Garma' freisin

Agus ansin *Wicklow,* **Cill Mhantáin.** *Wicklow* tagann sé ón Lochlannais *Wykingerlo, lo* sin focal Lochlannaise a chiallaíonn 'cluain', cluain na Lochlannach mar a déarfá *viking meadow.* Agus ansin **Cill Mhantáin,** cill mar a bhí againn cheana mar fhocal a chiallaíonn seaneaglais agus Mantán, naomh, deisceabal de chuid Naomh Pádraig de réir an tseanchais, **Cill Mhantáin,** fear b’fhéidir go raibh sé mantach agus an chéad tagairt dó sin díreach thart ar aimsir theacht na Normannach, sa 12ú aois

2. Cúige Laighean_2
CEACHTANNA

Ceisteanna

1. Cén áit sa Fhrainc atá ainmnithe as an seandé Ceilteach 'Lugh'?

   .....

2. Cén contae i gCúige Laighean a bhí ina sheanchúige?

   .....

3. Cén t-ainm a bhí ar chontae **Uíbh Fhailí** ar feadh na gcéadta bliain?

   .....

4. Bhí *Phillipstown* i gcontae **Uíbh Fhailí** tráth. Cén t-ainm atá ar an áit sin anois?

   .....

5. Luann Nollaig dhá chontae a bhfuil ainmneacha Lochlannacha sa Bhéarla acu. Cén dá chontae atá i gceist?

   .....

6. Meaitseáil na contaetha lena mbríonna

Contae	Brí
Lú	ainm cine - sliocht Fhailghe
An Mhí	an chuid iartharach den Mhí
Uíbh Fhailí	ó ainm an tseandé Cheiltigh 'Lugh'
An Iarmhí	loch a bhaineann le Garma
Loch Garman	séipéal Naomh Mantán
Cill Mhantáin	an lár